**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**

**SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

---

# AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

# OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

**FÓMHAR, 2023**

---

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA

## TÉACS NA MÍREANNA

Na giotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghiotaí a foilsíodh ag:
http://www.tuairisc.ie agus
https://www.into.ie/media-centre/publications/intouch/

**Treasa:**

Institiúid Oideachais Marino, 2023.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotaí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí
Roinn B: Comhráite
Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

**[Bleep]**

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

**[Bleep]**
**[30 seconds gap]**
**[Bleep]**

# **Treasa:** Fógra 1

**(Canúint na Mumhan)**

**Áine:**

Fógraíonn *GaelGÁIRÍ* go mbíonn oícheanta rialta grinn á n-eagrú acu i gClub Chonradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath. Is deis iad na hoícheanta sin oíche shóisialta a chaitheamh ag gáire agus ag spraoi le cairde.

Mar chuid d'Oíche Chultúir na bliana seo, beidh imeacht ar leith, 'Gáire Groí,' á eagrú ag *GaelGÁIRÍ*. Beidh Hugh Carr, atá cáiliúil ar *TikTok*, ar an ardán, agus ina dhiaidh, beidh Louisa Ní Éideáin ar an ardán. Cumann Louisa amhráin ghrinn iontacha faoi shaol an tuismitheora.

Má tá spéis agat sna hoícheanta rialta, is féidir *GaelGÁIRÍ* a leanúint ar líne agus gheobhaidh tú go leor físeán ar *YouTube*. Beidh Oíche Chultúir na bliana seo ar siúl Dé hAoine, an dara lá is fiche de mhí Mheán Fómhair agus is féidir clárú d'imeacht na hoíche sin ar www.cnag.ie roimh nó ar Dé Máirt, an naoú lá déag de mhí Mheán Fómhair.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## Treasa: Fógra 2

### (Canúint Chonnacht)

**Seosamh:**

Fógra anseo ó *Gaeloideachas*. Tá séasúr an fhómhair buailte linn agus is cinnte go mbeidh téama an fhómhair á phlé ag múinteoirí ina gcuid ceachtanna go luath. Tá go leor acmhainní agus samplaí do théama an fhómhair ar fáil sa 'leabharlann,' mar a thugtar ar an áit sin, ar shuíomh idirlín *Gaeloideachas*. Ina theannta sin, tá liosta curtha le chéile againn d'áiseanna atá ar fáil ar líne. Ina measc, tá dánta, cluichí agus gníomhaíochtaí.

D'Oíche Shamhna, tá gníomhaíochtaí mínithe againn i bhfíseán speisialta. Tugtar treoracha ar an bhfíseán do rás taibhsí agus do thóraíocht taisce agus mínítear conas anraith puimcín a dhéanamh. Bheadh na gníomhaíochtaí oiriúnach do na ranganna sinsearacha go háirithe.

Tá tuilleadh eolais faoin bhfíseán agus faoi na háiseanna eile ar fáil ar shuíomh idirlín *Gaeloideachas* nó is féidir le múinteoirí crua-chóip de 'Pacáiste an Fhómhair' a ordú trí ríomhphost a chur chuig: ciaranibhroin@gaeloideachas.ie.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa:** Fógra 3

**(Canúint Uladh)**

**Muiris:**

Fógra anseo ó *Oideas Gael*. Ó bunaíodh *Oideas Gael* sa bhliain naoi déag ochtó is a ceathair, tá na mílte duine tar éis triall ar Ghleann Cholm Cille chun tabhairt faoi chúrsaí Gaeilge nó faoi chúrsaí i ngnéithe den chultúr Gaelach.

I measc na ndaoine a fhreastalaíonn ar na cúrsaí achan bhliain, tá múinteoirí bunscoile. Teastaíonn ó na múinteoirí sin laethanta saoire gníomhacha a chaitheamh trí mheán na Gaeilge i dtimpeallacht spraíúil. Tá go leor cúrsaí de chuid *Oideas Gael* aitheanta ag an Roinn Oideachais ar mhaithe le laethanta saoire pearsanta breise, is é sin laethanta *EPV*.

Cúrsa nua a bheidh ar fáil an bhliain seo chugainn ná ‘Teanga agus Timpeallacht.’ Cuirfear béim sa chúrsa sin ar an fhoghlaim amuigh faoin aer agus beidh ról lárnach ag baill den phobal áitiúil ann. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoi dhúlra agus faoi bhéaloideas an cheantair. Tá tuilleadh eolais faoin chúrsa nua sin agus faoi na cúrsaí go léir a chuireann *Oideas Gael* ar fáil ag: www.oideasgael.com.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

**Treasa: Comhrá I**
**(Canúint na Mumhan)**

Seán: (Tomás) Dia duit, a Aisling? Conas tánn tú?

Aisling: (Áine) Dia is Muire duit, a Sheáin. Táim go breá ar fad. Táim ag iarraidh turas scoile a eagrú do mo rang. An bhfuil aon mholadh agat dom?

Seán: Ar chuala tú riamh faoi *An Scéim Oidhreachta sna Scoileanna*?

Aisling: Níor chuala. Céard í sin?

Seán: Is scéim iontach í atá páirt-mhaoinithe ag an gComhairle Oidhreachta.

Aisling: Agus an bhfuil an scéim oiriúnach do bhunscoileanna?

Seán: Tá. Gheobhaidh tú gach eolas fúithi ar shuíomh idirlín na Comhairle Oidhreachta. Déanfaidh tú teagmháil le saineolaí ar chúrsaí oidhreachta ansin agus beidh tú in ann turas oidhreachta a phleanáil in éineacht leis an saineolaí.

Aisling: Nach smaoineamh iontach é sin?

Seán: Tá an scéim go hiontach ar fad. Mar is eol duit, tá mo scoil suite i measc na nGaibhlte, agus díreach roimh na laethanta saoire, thug saineolaí de chuid na scéime, Séamus Ó Dubhagáin, na páistí ar thuras iontach go Loch Mhúscraí.

Aisling: Agus ar shiúil sibh nó an ndeachaigh sibh i mbus?

Seán: Fuaireamar bus, ar dtús, agus, ansin, bhí sléibhte le dreapadh agus srutháin le trasnú againn sular shroicheamar an loch.

Aisling: Agus an raibh lón agaibh in áit éigin?

Seán: Shuíomar go tuirseach traochta ar bhruach an locha agus d'itheamar lón pacáilte ansin. Bhí na páistí go léir faoi dhraíocht ag áilleacht an locha i lár na sléibhte agus ba threoraí den scoth é Séamus.

Aisling: Caithfidh mé níos mó eolais a fháil faoin scéim sin.

Seán: Caithfidh tú! Is scéim an-fhiúntach í.

**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**

**Treasa: Comhrá 2**
**(Canúint Chonnacht)**

| | |
|---|---|
| Ciara: (Treasa) | Dia duit, a Éanna. An bhfuil tú ag imirt peile na laethanta seo? |
| Éanna: (Seosamh) | Táim fós ag imirt leis na Gaeil Óga i mBaile Átha Cliath. |
| Ciara: | Caithfidh go bhfuil níos mó ná cúig bliana caite agat leis an gclub sin. |
| Éanna: | Creid nó ná creid é, a Chiara, thosaigh mé ag imirt leis na Gaeil Óga sa bhliain dhá mhíle agus a ceathair déag. |
| Ciara: | Agus an mbaineann tú an-taitneamh as! |
| Éanna: | Bhí dhá rud a mheall mé chuig an gclub ar dtús – an Ghaeilge agus an pheil agus is iad an dá rud sin a choinníonn ann fós mé. |
| Ciara: | Tá sé sin go hiontach. Ní bhíonn mórán deiseanna ag daoine i mBaile Átha Cliath an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil. |
| Éanna: | Is fíor duit. Thug na Gaeil Óga deis domsa bualadh le daoine agus an teanga a úsáid go sóisialta i dtimpeallacht lán-Ghaeilge. |
| Ciara: | Agus an dtagann an chuid is mó de na baill ón nGaeltacht? |
| Éanna: | Tagann cuid de na baill ón nGaeltacht ach tá éagsúlacht mhór inár measc, i ndáiríre. |
| Ciara: | Agus cá mbíonn na seisiúin thraenála ar siúl? |
| Éanna: | I bPáirc an Fhionnuisce. |
| Ciara: | Is áit lárnach go leor í sin. |
| Éanna: | Ba chóir duit teacht trasna chugainn tráthnóna éigin, a Chiara. Mura bhfuil suim agat ina bheith ag imirt, bíonn deiseanna ann i gcónaí do mhúinteoirí tacaíocht teanga a thabhairt do na foirne óga. |
| Ciara: | Tá sé sin an-spéisiúil! Seans go mbuailfidh mé trasna tráthnóna éigin roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair. Go raibh míle maith agat! |

**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**

## **Treasa: Comhrá 3**
## **(Canúint Uladh)**

Ciarán: (Muiris) Dia duit, a Ghráinne! Cad é mar atá tú?

Gráinne: (Caitlín) Dia is Muire duit, a Chiaráin. Deas tú a fheiceáil.

Ciarán: Bhí mé ag smaoineamh ort ar na mallaibh. An bhfuil tú tar éis bogadh go Baile Átha Cliath?

Gráinne: Tá. Fuair mé post nua. Táim ag obair anois mar bhainisteoir ar *An Siopa Leabhar* ar Shráid Fhearchair.

Ciarán: Is breá liom an siopa sin. Bíonn achan leabhar Gaeilge ar díol ann.

Gráinne: Is fíor duit. Bíonn ionadh ar na cuairteoirí a thagann chuig an siopa s'againne nuair a tchíonn siad an oiread roghanna léitheoireachta Gaeilge atá ann anois!

Ciarán: Agus an mbíonn mórán leabhar agaibh do pháistí?

Gráinne: Tá go leor leabhar againn do pháistí – ó phictiúrleabhair go leabhair do dhéagóirí.

Ciarán: Tá sé sin ar dóigh.

Gráinne: Agus, mar mhúinteoir bunscoile, beidh áthas ortsa a Chiaráin, go bhfuil na leabhair do pháistí bunscoile rangaithe againn de réir ranganna.

Ciarán: Go hiontach! Beidh orm bualadh isteach chugat an mhí seo chugainn nuair a bheidh mé i mBaile Átha Cliath.

Gráinne: Beidh fáilte romhat, a Chiaráin, ach tig leat ordú a dhéanamh ar líne fosta agus de ghnáth, bíonn lascaine scoile ar fáil ar orduithe idirlín os cionn caoga leabhar.

Ciarán: Is spreagadh iontach é sin, a Ghráinne! Rachaidh mé ar líne an bomaite a shroichfidh mé an baile! Ba bhreá liom teacht ar leabhar faoi chúrsaí timpeallachta do Rang a Dó.

**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Bleep]**

**Treasa:**

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

**[Bleep]**
**[30 seconds gap]**
**[Bleep]**

**Treasa: Mír Nuachta 1**

**(Canúint na Mumhan)**

**Tomás:**

Bhí ceiliúradh mór i nGaelscoil an Chuilinn inné toisc an scoil a bheith deich mbliana ar an bhfód i mbliana. Cuireadh preab-chaisleán ar fáil do na páistí mar chuid den cheiliúradh. I láthair ag an ócáid, bhí ionadaithe ó *An Foras Pátrúnachta*, ó *Gaeloideachas* agus ó *Cumann Lúthchleas Gael*.

Nuair a osclaíodh Gaelscoil an Chuilinn ar dtús, bhí an scoil lonnaithe i seomraí réamh-dhéanta agus ní raibh ach ceithre pháiste dhéag ar an rolla. Sa bhliain dhá mhíle agus a seacht déag, osclaíodh foirgneamh nua na scoile, agus, sa lá atá inniu ann, tá os cionn trí chéad páiste ag freastal ar an scoil.

Agus é ag labhairt ag an ócáid, ghabh an Teachta Dála, Jack Chambers, buíochas le foireann na scoile as oideachas d'ardchaighdeán a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus thréaslaigh sé leo as an mbéim a chuireann siad ar an gcultúr Gaelach idir cheol agus rince.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa:** Mír Nuachta 2

**(Canúint Chonnacht)**

**Treasa:**

Rinneadh comóradh i gCois Fharraige an deireadh seachtaine seo caite ar an scríbhneoir agus ar an aisteoir cáiliúil, Joe Steve Ó Neachtain, a fuair bás sa bhliain fiche fiche. 'Éigse Joe Steve' an teideal a bhí ar an gcomóradh agus bhí sé ar siúl i Seanscoil Shailearna sna hAille.

Cuireadh tús leis an gcomóradh oíche Dé hAoine, le hoscailt oifigiúil, agus Oíche Dé Sathairn, léiríodh 'Seó Beo Joe.' Is éard a bhí sa seó sin ná píosaí as saothar Joe féin ar an ardán. Bhí idir dhrámaí, fhilíocht, agallaimh bheirte agus lúibíní á n-aithris mar chuid den seó.

Agus é ag labhairt ag an gcomóradh, dúirt iarcheannaire, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Tomás Mac Con Iomaire, go raibh saol agus saothar Joe Steve Uí Neachtain fréamhaithe sa Spidéal – an ceantar inar chaith sé formhór a shaoil – agus go raibh cumas ar leith ann hallaí a líonadh go doras lena chuid drámaí agus lena chuid aisteoireachta.

**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**
**[Repeat above text]**
**[Bleep]**
**[45 seconds gap]**
**[Bleep]**

**Treasa: Mír Nuachta 3**

**(Canúint Uladh)**

Caitlín:

Ag ócáid dheas in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaoth Dobhair, aréir seoladh tuarascáil nua a thugann léargas ar chás na dteaghlach Gaeltachta. Baineann an tuarascáil le taighde a rinne *Tuismitheoirí na Gaeltachta* i gcomhar leis an eagraíocht *Tús Maith* agus is í an Dr Laoise Ní Thuairisg Príomh-Údar na tuarascála.

Déantar scagadh sa tuarascáil ar an méid a bhí le rá ag tuismitheoirí faoina dtaithí agus a dtuairimí ar sheirbhísí do na teaghlaigh atá ina gcónaí sa Ghaeltacht agus déantar moltaí ag an deireadh bunaithe ar mhianta agus ar thaithí na dtuismitheoirí.

Agus í ag labhairt ag seoladh na tuarascála dúirt Sorcha Ní Chéilleachair, Ceannasaí, *Tuismitheoirí na Gaeltachta*, gur insint lom fhírinneach ar ghnáthshaol na Gaeltachta atá sa tuarascáil agus go rachadh an méid atá ráite inti faoi ghanntanas seirbhísí sláinte, go háirithe, i bhfeidhm ar dhaoine.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

**Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.**